# Síntiúis do Pháirtithe Polaitíochta
# 2019

*Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 4(1) den Acht Toghcháin, 1997*

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2 D02 W773**

**Teileafón: (01) 6395666**
**Ríomhphost: sipo@sipo.ie**
**Suíomh Gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Samhain 2020**

# Clár Ábhar

Brollach ........ 1
Caibidil 1: Réamhrá ........ 4
Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad ........ 5
Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta ........ 5
Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta ........ 6
Tábla de Pháirtithe Polaitíochta a bhfuil Aonaid Chuntasaíochta acu ........ 7
Cistí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta in 2019 ........ 7
Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil ........ 8
Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2019 ........ 9
Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíiochta don bhlain 2019 ..... 10

# Brollach

D'iarr an Coimisiún um Chaighdeáin orm an tuarascáil seo a chur faoi bhráid an Chinn Chomhairle de réir alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú. Pléitear sa tuarascáil seo leis na ráitis síntiús bhliantúla/na deimhnithe síntiús airgid agus na dearbhuithe reachtúla maidir leis an mbliain 2019 a thug páirtithe polaitíochta don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí de bhun alt 24 den Acht.

Sherry Perreault
Ceannasaí Eitice agus Rialála Brústocaireachta
Rúnaí an Choimisiúin
Samhain 2020

# Caibidil 1: Réamhrá

Tráth nach déanaí ná an 31 Márta gach bliain, ceanglaítear ar gach páirtí polaitíochta cláraithe ráiteas síntiús lena gcumhdaítear an bhliain féilire roimhe a thabhairt don Choimisiún um Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin).

Bhí dualgas ar na páirtithe polaitíochta go léir a bhí cláraithe sa bhliain 2019 a ráitis síntiús a thabhairt faoi 31 Márta 2020. Sa bhliain 2019, bhí 22 páirtí polaitíochta ann a bhí cláraithe agus a raibh dualgas orthu ráiteas síntiús a thabhairt.

Tá liosta de na páirtithe polaitíochta cláraithe a raibh ceangal orthu ráiteas síntiús a chomhdú, ar fáil in Aguisín 1.

# Caibidil 2: Síntiúis ar nocht páirtithe polaitíochta iad

Sa ráiteas síntiús ó pháirtí polaitíochta, ní mór a léiriú cé acu a fuair nó nach bhfuair, an páirtí síntiús nó síntiúis, sa bhliain féilire roimhe, ar mhó a luach ná €1,500 (lena n-áirítear síntiúis ón bhfoinse chéanna a bhfuil luach comhiomlán aige de níos mó ná €1,500). Ní mór ainm agus seoladh poist an duine a thug an síntiús, nó a tugadh an síntiús thar a cheann, agus tuairisc air, a thabhairt in éineacht leis na síntiúis a nochtar.

Is é €2,500 an luach uasta síntiús ar féidir le páirtí polaitaíochta a ghlacadh ón deontóir céanna, duine aonair nó deontóir corparáideach, san aon bhliain féilire amháin.

Ní fhéadfaidh páirtí glacadh le síntiús corparáideach ná le síntiús gnó ar mó a luach ná €200 ach amháin i gcás go bhfuil an deontóir cláraithe leis an gCoimisiún ar Chlár na nDeontóirí Corparáideacha. Chomh maith leis sin, coisctear ar pháirtí polaitíochta glacadh le síntiúis eachtracha de shuim ar bith, ó dhuine aonair (seachas saoránach Éireannach) a chónaíonn lasmuigh d’oileán na hÉireann. Mar an gcéanna, ní fhéadfar glacadh le síntiús ar bith ó chomhlacht corpraithe nó ó chomhlacht neamhchorpraithe daoine nach bhfuil oifig aige ar oileán na hÉireann.

## Suim na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta

Ba é €175,575.59 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe polaitíochta le linn na bliana 2019. Tugtar in Aguisín 2 mionsonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta.

Seo thíos achoimre ar na síntiúis a nochtadh:

| **Páirtí** | **Iomlán na Síntiús a Nochtadh €** |
|---|---:|
| Aontú | 2,500 |
| Fianna Fáil | 2,500 |
| Fine Gael | 79,456 |
| An Comhaontas Glas | 9,000 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 21,800 |
| An Páirtí Náisiúnta | 7,500 |
| Sinn Féin | 45,620 |
| An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe | 4,800 |
| Páirtí na nOibrithe | 2,400 |
| **Iomlán** | **175,576** |

# Caibidil 3: Aonaid Chuntasaíochta

De réir an tsainmhínithe a thugtar sna hAchtanna Toghcháin, ciallaíonn “aonad cuntasaíochta” craobh nó fo-eagraíocht eile de chuid páirtí polaitíochta a fhaigheann, in aon bhliain ar leith, síntiús ar mó a luach ná €100.

Ní mór d’aonad cuntasaíochta a fhaigheann síntiús airgid ar mó a luach ná €100 cuntas in institiúid airgeadais a oscailt agus a choinneáil agus an síntiús sin agus aon síntiúis airgid bhreise a fhaigheann sé, is cuma cén luach a bhaineann leo, a thaisceadh sa chuntas sin.

Ní mór don “duine freagrach” de chuid aonad cuntasaíochta, is é sin le rá an cisteoir nó aon duine eile atá freagrach a deileáil le síntiúis don aonad, na nithe seo a leanas a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin faoin 31 Márta gach bliain:

- ráiteas ón institiúid airgeadais inar osclaíodh an cuntas síntiús polaitíochta ina sonraítear na hidirbhearta a rinneadh i ndáil leis an gcuntas sa bhliain roimhe (ráiteas bainc), agus
- deimhniú, a bhfuil a (h)ainm leis, lena luaitear go ndearnadh na síntiúis airgid uile a fuarthas sa bhliain roimhe a thaisceadh sa chuntas agus gur chun críocha polaitiúla a úsáideadh na suimeanna uile a baineadh as an gcuntas (Deimhniú Síntiús Airgid), agus
- dearbhú reachtúil, a bhfuil a (h)ainm leis, ina luaitear, de réir mar is fearr is eol don duine agus a chreideann sé/sí, go bhfuil an deimhniú ceart i ngach ponc ábhartha agus go ndearnadh gach beart réasúnach chun é/í féin a shásamh go bhfuil an deimhniú cruinn.

Is cion é, faoi alt 25(1)(c) den Acht, don duine freagrach de chuid aonad cuntasaíochta loiceadh an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Tugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi deara fós gur tharraing roinnt aonaid chuntasaíochta aird ar na deacrachtaí a bhí acu an reachtaíocht a chomhlíonadh. Tríd is tríd, bhain na deacrachtaí leis an gceanglas ráitis ó institiúidí airgeadais a thabhairt.

Áiríodh leis na deacrachtaí a cuireadh in iúl:

- ráitis bhainc a rochtain don bhliain féilire roimhe sin roimh spriocdháta an 31 Márta;
- ráitis chuntais bhainc an pháirtí polaitíochta a aisghabháil mar thoradh ar athrú a bheith tagtha ar an duine freagrach; agus

- moill shuntasacha le nósanna imeachta baincéireachta chun cuntais síntiús polaitíochta a oscailt

Tá sé tuairiscithe ag aonaid chuntasaíochta go bhféadfadh gur phróiseas fada é an próiseas um chuntas síntiús polaitíochta a oscailt agus go bhféadfadh sé sin moill a chur ar thaisceadh an tsíntiúis lena gceanglaítear go meastar craobh a bheith ina haonad cuntasaíochta chun críocha an Achta Toghcháin.

## Tábla: Líon na nAonad Cuntasaíochta, de réir pháirtí polaitíochta

| **Páirtí Polaitíochta** | **An líon iomlán aonad cuntasaíochta** |
|---|---|
| Fine Gael | 39 |
| Fianna Fáil | 36 |
| Páirtí an Lucht Oibre | 33 |
| An Comhaontas Glas | 21 |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús | 11 |
| Na Daonlaithe Sóisialta | 9 |
| Sinn Féin | 8 |
| Iomlán | 157 |

Tharla sé go raibh an spriocdháta de Mhárta 2020 chun tuairisceáin a chur isteach ag an am céanna is ar thosaigh an dianghlasáil a cuireadh i bhfeidhm de bharr na paindéime COVID-19, agus mar sin chuir roinnt eagraíochtaí a dtuairisceáin isteach tar éis an spriochdáta. Den chuid is mó, deacrachtaí le faisnéis a thiomsú agus/nó daoine a fháil a bheadh mar fhinné ar dearbhuithe reachtúla ba chúis leis an moill. Cé go bhfuil na spriocdhátaí reachtúil, tá an Coimisiún sásta go ndearna na páirtithe a ndícheall chun bheith i gcomhréir, agus tá sé beartaithe aige gan an neamhchomhlíontacht seo a chur ar aghaidh go dtí an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

Tá gach páirtí i gcomhréir go substainteach anois.

## Cistí a bhí á sealbhú ag aonaid chuntasaíochta sa bhliain 2019

Ba é €950,112 an t-iarmhéid deiridh comhiomlán a bhí á shealbhú ag aonaid chuntasaíochta i ndáil leis an mbliain 2019.

Ní cheanglaítear ar aonaid chuntasaíochta ráiteas síntiús a chur isteach chuig an gCoimisiún. Mar a nótáladh i dtuarascálacha roimhe seo, bíonn sé deacair don

Choimisiún a fháil amach cárb as a dtagann an t-airgead atá á shealbhú i gcuntais síntiús polaitíochta na n-aonad cuntasaíochta agus maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i leith forálacha síntiús an Achta.

Arís i mbliana, tá an Coimisiún den tuairim gur gá an reachtaíocht a bheachtú tuilleadh chun a chinntiú go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir le haonaid chuntasaíochta.

# Caibidil 4: Foilsiú Doiciméad Reachtúil

De réir alt 24(7)(a) den Acht, rinne an Coimisiún na ráitis síntiús/na dearbhuithe reachtúla a thug páirtithe polaitíochta a leagan faoi bhráid an dá Theach den Oireachtas inniu. Tá na doiciméid le fáil ar shuíomh gréasáin an Oireachtais ag www.oireachtas.ie agus ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

De réir alt 73 den Acht, ní mór na doiciméid a chur ar fáil lena n-iniúchadh go poiblí ina oifigí ag 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773. I bhfianaise na paindéime COVID-19 faoi láthair, tá oifigí an Choimisiúin dúnta don phobal. Mar sin ní féidir an t-iniúchadh poiblí a cheadú. Is féidir cóipeanna a chur ar fail má chuirtear iarratas isteach chuig an gCoimisiún le ríomhphost ag info@sipo.ie nó ar an teileafón ag (01) 639-5666.

# Aguisín 1: Páirtithe Polaitíochta Cláraithe sa bhliain 2019

| |
|---|
| Aontú |
| Páirtí Cumannach na hÉireann |
| Daonlathas Duitse in Éirinn |
| Fianna Fáil |
| Fine Gael |
| Fís Nua |
| An Comhaontas Glas |
| Comhaontas Dhínit an Duine |
| Aitheantas Éire |
| Neamhspleáigh ar son an Athraithe |
| An Páirtí Daonlathach Éireannach |
| Éire Amach: Cumann na Saoirse |
| Comhaontas Neamhspleách Chiarraí |
| Páirtí an Lucht Oibre |
| An Páirtí Náisiúnta |
| RENUA Eireann |
| Sinn Féin |
| Na Daonlathaithe Sóisialta |
| Dlúthpháirtíocht – Pobal roimh Bhrabús |
| Páirtí na nDaoine Aontaithe |
| Páirtí na nOibrithe |
| An Grúpa Gníomhaíochta d'Oibrithe agus Daoine Dífhostaithe |

# Aguisín 2: Sonraí faoi na síntiúis a nocht páirtithe polaitíochta don bhliain 2019

## Aontú

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Anne Farrelly | Duine aonair | 2,500 |
| **Iomlán** | | **2,500** |

## Fianna Fáil

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Michael Fahy | Duine aonair | 2,500 |
| **Iomlán** | | **2,500** |

## Fine Gael

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Maria Bailey TD | Duine aonair | 1,684 |
| Seán Barrett TD | Duine aonair | 1,590 |
| Pat Breen TD | Duine aonair | 1,704 |
| Colm Brophy TD | Duine aonair | 2,279 |
| Richard Bruton TD | Duine aonair | 2,229 |
| Senator Colm Burke | Duine aonair | 1,607 |
| Peter Burke TD | Duine aonair | 1,590 |
| Catherine Byrne TD | Duine aonair | 1,724 |
| Ciarán Cannon TD | Duine aonair | 1,580 |
| Joe Carey TD | Duine aonair | 1,520 |
| Simon Coveney TD | Duine aonair | 2,259 |
| Michael Creed TD | Duine aonair | 1,640 |
| Jim Daly TD | Duine aonair | 1,580 |
| Michael D’Arcy TD | Duine aonair | 1,580 |
| Pat Deering TD | Duine aonair | 1,590 |

| | | |
|---|---|---|
| Regina Doherty TD | Duine aonair | 2,299 |
| Paschal Donohoe TD | Duine aonair | 1,640 |
| Andrew Doyle TD | Duine aonair | 1,654 |
| Bernard Durkan TD | Duine aonair | 2,441 |
| Damien English TD | Duine aonair | 2,343 |
| Alan Farrell TD | Duine aonair | 1,722 |
| Frances Fitzgerald MEP | Duine aonair | 1,787 |
| Charles Flanagan TD | Duine aonair | 1,710 |
| Brendan Griffin TD | Duine aonair | 1,580 |
| Simon Harris TD | Duine aonair | 1,936 |
| Martin Heydon TD | Duine aonair | 1,644 |
| Heather Humphreys TD | Duine aonair | 1,714 |
| Sean Kelly MEP | Duine aonair | 1,754 |
| Enda Kenny TD | Duine aonair | 1,590 |
| Seán Kyne TD | Duine aonair | 1,580 |
| Josepha Madigan TD | Duine aonair | 2,213 |
| Helen McEntee TD | Duine aonair | 1,650 |
| Mairead McGuinness MEP | Duine aonair | 1,502 |
| Joe McHugh TD | Duine aonair | 1,650 |
| Dara Murphy TD | Duine aonair | 1,594 |
| Eoghan Murphy TD | Duine aonair | 2,402 |
| Hildegarde Naughton TD | Duine aonair | 1,661 |
| Tom Neville TD | Duine aonair | 1,698 |
| Michael Noonan TD | Duine aonair | 1,668 |
| Patrick O'Donovan TD | Duine aonair | 1,654 |
| Fergus O'Dowd TD | Duine aonair | 1,661 |
| John Paul Phelan TD | Duine aonair | 1,524 |
| Noel Rock TD | Duine aonair | 1,668 |
| David Staunton TD | Duine aonair | 1,580 |
| Leo Varadkar TD | Duine aonair | 1,781 |
| **Iomlán** | | **79,456** |

## An Comhaontas Glas

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Christine Magee | Duine aonair | 2,000 |
| Ita Gibney | Duine aonair | 2,000 |
| Kevin McGeeney | Duine aonair | 2,500 |
| Grace O'Sullivan MEP | Duine aonair | 2,500 |
| **Iomlán** | | **9,000** |

## Páirtí an Lucht Oibre

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Senator Ivana Bacik | Duine aonair | 1,800 |
| Joan Burton TD | Duine aonair | 2,400 |
| Brendan Howlin TD | Duine aonair | 2,400 |
| Senator Kevin Humphreys | Duine aonair | 1,800 |
| Alan Kelly TD | Duine aonair | 2,000 |
| Senator Gerald Nash | Duine aonair | 1,800 |
| Jan O'Sullivan TD | Duine aonair | 2,400 |
| Willie Penrose TD | Duine aonair | 2,400 |
| Brendan Ryan TD | Duine aonair | 2,400 |
| Sean Sherlock TD | Duine aonair | 2,400 |
| **Iomlán** | | **21,800** |

## An Páirtí Náisiúnta

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| James Reynolds | Duine aonair | 2,500 |
| Justin Barrett | Duine aonair | 2,500 |
| Patrick Clancy | Duine aonair | 2,500 |
| **Iomlán** | | **7,500** |

## Sinn Féin

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Gerry Adams TD | Duine aonair | 2,460 |
| Matt Carthy MEP | Duine aonair | 2,496 |
| Senator Máire Devine | Duine aonair | 1,992 |
| Pearse Doherty TD | Duine aonair | 2,288 |
| Dessie Ellis TD | Duine aonair | 2,500 |
| Martin Ferris TD | Duine aonair | 2,496 |
| Senator Paul Gavan | Duine aonair | 2,295 |
| Senator Pádraig Mac Lochlainn | Duine aonair | 2,460 |
| Mary Lou McDonald TD | Duine aonair | 2,500 |
| Denise Mitchell TD | Duine aonair | 2,295 |
| Imelda Munster TD | Duine aonair | 2,460 |
| Senator Niall O'Donnghaile | Duine aonair | 2,500 |
| Donnchadh O'Laoghaire TD | Duine aonair | 2,460 |
| Louise O'Reilly TD | Duine aonair | 2,460 |
| Aengus Ó Snodaigh TD | Duine aonair | 2,000 |
| Maurice Quinlivan TD | Duine aonair | 2,460 |
| Brian Stanley TD | Duine aonair | 2,500 |
| Senator Fintan Warfield | Duine aonair | 2,500 |
| Senator Rose Conway Walsh | Duine aonair | 2,498 |
| **Iomlán** | | **45,620** |

## An Grúpa Gníomhaíochta d’Oibrithe & Daoine Dífhostaithe

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Cllr. Pat English | Duine aonair | 2,400 |
| Seamus Healy TD | Duine aonair | 2,400 |
| **Iomlán** | | **4,800** |

## Páirtí na nOibrithe

| Ainm an deontóra | Cur síos ar an deontóir | Luach an tsíntiúis € |
|---|---|---|
| Sean Hughes | Duine aonair | 2,400 |
| **Iomlán** | | **2,400** |